AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 9.10.2023
COM(2023) 531 final

2023/0264 (BUD)

Togra le haghaidh

# LITIR LEASAITHEACH Uimh. 1 A GHABHANN LE DRÉACHTBHUISÉAD GINEARÁLTA 2024

## Riachtanais mheasta nuashonraithe maidir le caiteachas talmhaíochta

## Coigeartuithe eile agus nuashonruithe teicniúla

GA GA

Ag féachaint don mhéid seo a leanas:

– an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106a de,

– Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh[1], a tháinig i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021,

– Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (...)[2], agus go háirithe Airteagal 42 de,

– dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, arna ghlacadh ag an gCoimisiún an 5 Iúil 2023[3],

Leis seo, cuireann an Coimisiún Eorpach faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus faoi bhráid na Comhairle Litir Leasaitheach Uimh. 1 a ghabhann le dréachtbhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2024, ar na cúiseanna a leagtar amach sa mheabhrán míniúcháin.

## **ATHRUITHE AR AN RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DE RÉIR ROINNE**

Tá na hathruithe ar an ráiteas ginearálta caiteachais agus ioncaim, agus ar na ráitis ioncaim agus chaiteachais de réir roinne, le fáil ar EUR-Lex (https://eur-lex.europa.eu/budget/www/index-en.htm). Tá leagan Béarla de na hathruithe ar an ráiteas seo i gceangal, mar eolas, mar iarscríbhinn bhuiséadach.

1 Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom, IO L 424, 15.12.2020.
2 IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
3 COM(2023) 300 final, 5.7.2023.

## 1. RÉAMHRÁ

Cumhdaítear na heilimintí seo a leanas le Litir Leasaitheach Uimh. 1 (AL 1/2024) a ghabhann leis an dréachtbhuiséad don bhliain 2024 (DB 2024):

- Na riachtanais a athbhreithniú anuas i gcás na líne úis do NextGenerationEU, i bhfianaise leibhéal níos ísle eisíocaíochtaí NextGenerationEU in 2023 ná mar a measadh roimhe seo;
- Nuashonrú ar na riachtanais mheasta, ar an ioncam sannta agus ar na leithreasuithe maidir le caiteachas talmhaíochta. Mar aon le tosca margaidh atá ag athrú, ionchorpraítear in AL 1/2024 freisin tionchar na gcinntí san earnáil talmhaíochta ó glacadh DB 2024 i mí Iúil 2023, chomh maith le tograí eile a meastar go mbeidh tionchar suntasach acu le linn na bliana airgeadais;
- Nuashonrú ar na riachtanais mheasta maidir leis na Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna), agus an comhaontú a síníodh le déanaí le Poblacht Madagascar agus an prótacal gaolmhar á gcur san áireamh, mar aon leis an bprótacal nua le Poblacht Chireabas, a tháinig i bhfeidhm go sealadach an 2 Deireadh Fómhair 2023;
- Coigeartuithe ar leibhéal leithreasuithe agus/nó foirne de chuid roinnt gníomhaireachtaí díláraithe, go háirithe Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust), Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE), agus na forbairtí reachtacha nó polaitiúla is déanaí maidir lena n-oibríochtaí le haghaidh 2024 á gcur san áireamh, chomh maith le méideanna atá le haistriú ó línte cúlchiste go línte oibríochtúla tar éis tograí dlíthiúla a ghlacadh;
- Acmhainní Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) a aistriú chuig Fís Eorpach tar éis iarraidh chomhfhreagrach arna déanamh ag an Liotuáin a clár CFRE a leasú de bhun Airteagal 26 den Rialachán maidir le Forálacha Coiteanna[4];
- Coigeartuithe ar cheannteideal 7 'Riarachán Poiblí Eorpach', go háirithe maidir leis an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS) chun an Cumas Míleata Pleanála agus Seolta (MPCC) a threisiú a thuilleadh, lena n-áirítear méadú ar an bhfoireann agus an córas cumarsáide agus faisnéise a neartú, chomh maith le mionchoigeartuithe eile maidir leis an gceannteideal.
- Méideanna le haistriú ón líne chúlchiste go dtí an líne oibríochtúil don Ghníomh chun Tacú le Táirgeadh Armlóin (ASAP) agus don Ghníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar comhoibríoch (EDIRPA) tar éis na bunghníomhartha a ghlacadh.

Ar an iomlán, is é an glantionchar a bheidh ag AL 1/2024 ar chaiteachas in DB 2024 laghdú EUR 67,4 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Tugtar tuilleadh faisnéise faoi gach comhpháirt sna ranna seo a leanas.

Sonraítear na línte buiséid ábhartha san iarscríbhinn bhuiséadach, mar aon le nuashonrú ar an ioncam a eascraíonn as na hathruithe caiteachais a áirítear sa litir leasaitheach seo.

## 2. COSTAIS CHISTIÚCHÁIN NEXTGENERATIONEU

I gcomhthéacs DB 2024, mhol an Coimisiún go ndéanfaí líne úis EURI a threisiú faoi EUR 1,9 billiún i gcomparáid leis an gclársceidealú airgeadais le haghaidh 2024, ar bhonn réamh-mheastachán ar rátaí úis agus eisíocaíochtaí NGEU go dtí deireadh 2023 mar a bhí siad an tráth sin.

[4] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí, IO L 231, 30.6.2021, lgh. 159–706.

Na réamh-mheastacháin is déanaí ar líne EURI ar an 8 Deireadh Fómhair 2023, tugann siad méid iomlán eisíocaíochtaí de EUR 79,9 billiún ar an tacaíocht neamh-inaisíoctha in 2023 le fios, ar laghdú faoi thart ar EUR 3 bhilliún é i gcomparáid leis an bplean eisíocaíochta a chuirtear san áireamh in DB 2024. De réir an cháis nua seo, ina gcuirtear san áireamh freisin rátaí úis beagán níos airde agus méadú EUR 10 milliún ar an méid is féidir a thabhairt anonn ón mbliain 2023, is é EUR 3 790 milliún an costas measta don líne úis, i.e. laghdú EUR 74 mhilliún. Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leibhéal na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhaineann le líne úis EURI a laghdú dá réir.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 06 04 01 | Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI) – Íocaíocht cúpóin thréimhsiúil agus fuascailt tráth na haibíochta | -74 000 000 | -74 000 000 |
| **Iomlán** | | **-74 000 000** | **-74 000 000** |

Leis an laghdú atá beartaithe, bheadh laghdú EUR 72,0 milliún go EUR 300,8 milliún ar an úsáid a bhaintear as an Ionstraim Corrlaigh Aonair faoi fho-cheannteideal 2b.

## 3. AN CISTE EORPACH UM RÁTHAÍOCHT TALMHAÍOCHTA (CERT)

Le AL 1/2024, tugtar na meastacháin maidir le caiteachas talmhaíochta cothrom le dáta bunaithe ar na sonraí eacnamaíocha agus ar an gcreat reachtach is déanaí. Faoi mhí Mheán Fómhair 2023, bhí an chéad léiriú ag an gCoimisiún ar an leibhéal táirgeachta le haghaidh 2023 agus ar an ionchas do na margaí talmhaíochta, chomh maith leis na figiúirí iarbhír maidir leis an gcuid is mó de chur i ngníomh bhuiséad 2023 a mhéid a bhaineann le bainistíocht chomhroinnte CERT, ós rud é gurb iad is bonn leis na meastacháin nuashonraithe ar riachtanais bhuiséadacha 2024.

Chomh maith le tosca margaidh a chur san áireamh, ionchorpraítear in AL 1/2024 freisin tionchar cinntí reachtacha san earnáil talmhaíochta ó glacadh DB 2024 i mí Iúil 2023.

Ar an iomlán, meastar gurb é EUR 41 450,6 milliún riachtanais CERT 2024, lena n-áirítear an cúlchiste talmhaíochta (a mhaoinítear le méid EUR 200 milliún nár caitheadh ó chúlchiste talmhaíochta 2023, agus lena bhfuil ar fáil de CERT 2024 chomh maith)[5]. Is méadú EUR 343 mhilliún é sin i gcomparáid le DB 2024, méadú arb é is cúis leis (i) riachtanais bhreise EUR 280 milliún le haghaidh mhír 08 02 01 'Cúlchiste talmhaíochta', (ii) riachtanais níos airde de EUR 61 mhilliún le haghaidh bhearta margaidh agus idirghabhálacha na mBallstát, mar gheall go príomha ar riachtanais níos airde maidir leis an earnáil torthaí agus glasraí, agus (iii) mionmhéadú EUR 2 mhilliún maidir le caiteachas CERT eile.

In 2023, glacadh bearta eisceachtúla lenar bhain tionchar airgeadais EUR 530 milliún ar an iomlán chun tacaíocht a chur ar fáil d'fheirmeoirí a bhí thíos leis an bhfliú éanúil, chun aghaidh a thabhairt ar an suaitheadh sa mhargadh a tharla de dheasca allmhairí méadaithe de ghrán Úcránach sna Ballstáit túslíne, agus chun cúnamh a chur ar fáil d'fheirmeoirí a bhí thíos le teagmhais adhaimsire agus le fadhbanna sonracha eile. Sháraigh an méid foriomlán sin, faoi EUR 80 milliún, an méid a bhí ar fáil i gcúlchiste talmhaíochta 2023. As an EUR 450 milliún atá ar fáil, meastar go n-úsáidfear EUR 250 milliún in 2023, de réir na sonraí cur chun feidhme is déanaí agus réamhaisnéisí na mBallstát. An méid EUR 200 milliún atá fágtha, tabharfar anonn é go dtí an bhliain 2024 i gcomhréir

[5] Comhfhreagraíonn méid na riachtanas do EUR 40 602,1 milliún de leithreasuithe úra móide EUR 848,5 milliún d'ioncam sannta.

le hAirteagal 16(2) de Rialachán Cothrománach CBT[6] agus úsáidfear é chun caiteachas na mBallstát a bhaineann leis na bearta eisceachtúla sin a glacadh in 2023 ach a íocfar tar éis an 15 Deireadh Fómhair a aisíoc, mar sin, is méid é a bhaineann leis an mbliain talmhaíochta 2024. Thairis sin, chun a bheith in ann oidhreacht na mbeart eisceachtúil arna nglacadh in 2023 a chumhdach go hiomlán, i gcomhréir leis an gcéad fhomhír d'Airteagal 16(2) de Rialachán Cothrománach CBT, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún leithreasuithe úra chúlchiste talmhaíochta 2024 a mhéadú go EUR 530 milliún, i.e. méadú EUR 80 milliún i gcomparáid le DB 2024. Ar an gcaoi sin, beifear in ann EUR 450 milliún a choinneáil le haghaidh bearta eisceachtúla nua a d'fhéadfaí a ghlacadh an bhliain seo chugainn chun freagairt do mhíshocracht a d'fhéadfadh a bheith sa mhargadh mar gheall ar an gcomhthéacs geopholaitiúil, atá corrach fós, agus, níos mó agus níos mó, mar gheall ar theagmhais dhíobhálacha aeráide san Aontas trí chéile.

An méid ioncaim shannta a mheastar a bheidh ar fáil in 2024, tiocfaidh méadú air ó EUR 505,5 milliún in DB 2024 go EUR 848,5 milliún, méid lena gcumhdófar na riachtanais bhreise ina n-iomláine. An méadú ar ioncam sannta a mheastar a bheidh ann, eascraíonn sé as barrachas measta 2023, a thabharfar anonn go 2024 i gcomhréir le hAirteagal 12(2)(d) den Rialachán Airgeadais. Eascraíonn an barrachas as tearcúsáid chúlchiste talmhaíochta 2023 mar a mhínítear thuas, agus as tearc-chur i gcrích réasúnta beag íocaíochtaí díreacha, chomh maith le hioncam sannta níos airde ná mar a measadh mar thoradh ar chuntais CERT a imréiteach.

Dá bharr sin, tá méid foriomlán na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, is é sin, EUR 40 602,1 milliún, gan athrú go fóill, agus áirítear leis sin EUR 530 milliún le haghaidh an chúlchiste talmhaíochta. Comhfhreagraíonn an méid foriomlán sin don iarmhéid glan atá ar fáil do CERT, lena n-áirítear éifeacht fhógraí na mBallstát maidir le haistrithe idir íocaíochtaí díreacha agus forbairt tuaithe, agus ní fhágtar leis aon chorrlach faoin bhfo-uasteorainn.

## 4. NUASHONRÚ AR NA COMHAONTAITHE COMHPHÁIRTÍOCHTA IASCAIGH INBHUANAITHE

Rinne an Coimisiún scrúdú ar an bhfaisnéis is déanaí atá ar fáil i dtaca le Comhaontuithe Comhpháirtíochta Iascaigh Inbhuanaithe (CCIInna) agus rinne sé athbhreithniú ar na riachtanais a bhfuil coinne leo le haghaidh 2024 ar bhonn na bhforbairtí sna próisis chaibidlíochta leis na tríú tíortha lena mbaineann, mar a fhoráiltear i bpointe C de Chuid II den Chomhaontú Idirinstitiúideach (IIA)[7]. Ar bhonn an athbhreithnithe sin, molann an Coimisiún leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí dar méid EUR 2 560 000 a aistriú ón gcúlchiste (airteagal buiséid 30 02 02) chuig an airteagal oibríochtúil (08 05 01 *Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta arna ndéanamh ag soithí iascaireachta an Aontais in uiscí tríú tíortha*). Baineann an t-aistriú sin, atá neodrach ó thaobh buiséid de, leis na CCIInna le Poblacht Mhadagascar, a tháinig i bhfeidhm go sealadach an 1 Iúil 2023 agus le Poblacht Chireabas, a tháinig i bhfeidhm go sealadach an 2 Deireadh Fómhair 2023.

Níl aon athrú ar iomlán na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas atá ar fáil do na comhaontuithe comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe, mar atá, EUR 156,7 milliún, a bhfuil EUR 66,9 milliún de sa chúlchiste agus EUR 89,9 milliún ar an bpríomhlíne oibríochtúil.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|

6 Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013, IO L 435, 6.12.2021, lgh. 187–261.

7 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua, lena n-áirítear treochlár chun acmhainní dílse nua a thabhairt isteach, IO L 433, 20.12.2020, lch. 28.

| | | | |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 08 05 01 | Creat rialachais a bhunú le haghaidh gníomhaíochtaí iascaireachta arna ndéanamh ag soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí tríú tíortha | 2 560 000 | 2 560 000 |
| 30 02 02 | Leithreasuithe difreáilte (*Cúlchiste le haghaidh airteagal buiséid 08 05 01)* | -2 560 000 | -2 560 000 |
| **Iomlán** | | **0** | **0** |

## 5. Gníomhaireachtaí Díláraithe agus Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh

### 5.1. Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)

In DAB 4/2023[8], mhol an Coimisiún ranníocaíocht an Aontais le OIPE a mhéadú ar mhaithe le slándáil an fhoirgnimh agus na gcóras TF, agus an méid sin a dhéanamh freisin trí ocht bpost breise le haghaidh gníomhairí sealadacha a leithdháileadh. Tá sé beartaithe buiséad 2024 OIPE a mhéadú faoi EUR 2 mhilliún chun treisiú aonuaire shlándáil TF agus foirgnimh a chumhdach, chomh maith le tuarastail na mball foirne nua a bhfuil sé beartaithe iad a earcú in 2023 ar bhonn bliana iomláine.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 07 10 08 | Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) | 2 000 000 | 2 000 000 |
| **Iomlán** | | **2 000 000** | **2 000 000** |

Leagtar amach na hathruithe comhfhreagracha ar an bplean bunaíochta san iarscríbhinn bhuiséadach.

### 5.2. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)

Tar éis bhunú an Lárionaid Idirnáisiúnta um Ionchúiseamh Choir an Fhogha faoin Úcráin (ICPA), soláthróidh Eurojust tacaíocht oibríochtúil, dhlíthiúil, airgeadais agus lóistíochta, lena n-áirítear an méid sin a dhéanamh chun fianaise a chaomhnú, a stóráil agus a anailísiú. Tá an obair sin riachtanach chun ullmhú le haghaidh trialacha amach anseo, bíodh sé sin os comhair cúirteanna náisiúnta nó idirnáisiúnta, lena n-áirítear binse a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le coir an fhogha, é sin nó an Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (ICC) maidir le coireanna laistigh dá dlínse. Maidir leis na cúraimí comhfhreagracha breise ICPA do Eurojust, is gá do cheathrar gníomhairí sealadacha plean bunaíochta na gníomhaireachta a threisiú in 2024. Íocfar atreisiú gaolmhar ranníocaíocht an Aontais le Eurojust ó Ionstraimí Beartais Eachtraigh trí chomhaontuithe ranníocaíochta le haghaidh chúraimí ICPA, agus dá bhrí sin ní bheidh gá le leithreasuithe breise ó bhuiséad an Aontais.

Leagtar amach na hathruithe comhfhreagracha ar an bplean bunaíochta san iarscríbhinn bhuiséadach.

### 5.3. Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais ('eu-LISA')

Tar éis an chaibidlíocht pholaitiúil a thabhairt i gcrích i ndáil leis an Rialachán maidir le digitiú an nós imeachta víosa[9], ní mór buiséad eu-LISA a nuashonrú le haghaidh 2024 i gcomhréir leis an Ráiteas Airgeadais Reachtach nuashonraithe. Is éard atá i gceist leis sin laghdú ar líon na ngníomhairí sealadacha (ó chúigear go duine amháin) agus ar líon na ngníomhairí ar conradh (ó thriúr go nialas). Leis an gcomhaontú polaitiúil a rinneadh, tugtar le fios go mbeidh laghdú ar na leithreasuithe a bhfuil gá leo in 2024. As an méid EUR 19 945 000 atá beartaithe sa chúlchiste don Rialachán seo, méid a fritháiríodh ón Ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don

8 COM(2023)530
9 COM(2022) 658

bheartas víosaí (BMVI), tá sé beartaithe EUR 86 000 a aistriú chuig an líne oibríochtúil agus EUR 19 859 000 a aistriú ar ais chuig BMVI.

Leagtar amach na hathruithe comhfhreagracha ar an bplean bunaíochta san iarscríbhinn bhuiséadach.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 30 02 02 | Leithreasuithe difreáilte (*Cúlchiste le haghaidh airteagal buiséid 11 10 02)* | -19 945 000 | -19 945 000 |
| 11 10 02 | Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a Dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais ('eu-LISA') | 86 000 | 86 000 |
| 11 02 01 | An ionstraim le haghaidh tacaíocht airgeadais don bhainistiú teorainneacha agus don bheartas víosaí | 19 859 000 | 19 859 000 |
| **Iomlán** | | **0** | **0** |

## 5.4. Aistrithe ó na cúlchistí chuig línte oibríochtúla na ngníomhaireachtaí díláraithe de bharr gníomhartha dlí a ghlacadh.

Mar gheall ar ghlacadh na ngníomhartha dlí seo a leanas ag na comhreachtóirí, amach anseo nó roimhe seo, molann an Coimisiún na méideanna a chuirtear i gcúlchistí faoi láthair chun na gníomhartha dlí sin a chur chun feidhme a aistriú chuig línte oibríochtúla na ngníomhaireachtaí díláraithe lena mbaineann:

- ***Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) (02 10 01)***: Tar éis an chomhaontaithe pholaitiúil ar an togra ón gCoimisiún maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú d'aeriompar inbhuanaithe[10], aistreofar suim EUR 2 774 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ón líne chúlchiste chuig an líne oibríochtúil.
- ***Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EMSA) (02 10 02)***: Tar éis ghlacadh Rialachán 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE[11], aistreofar méid EUR 1 191 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ón líne chúlchiste go dtí an líne oibríochtúil.
- ***An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) (03 10 04)***: Tar éis an chomhaontaithe pholaitiúil ar an togra ón gCoimisiún maidir le Pointe Rochtana Aonair Eorpach[12], aistreofar méid EUR 1 007 000 i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ón líne chúlchiste chuig an líne oibríochtúil.

Tugtar forléargas sa tábla thíos ar na méideanna a bheartaítear a bhaint as an gcúlchiste tar éis ghlacadh na mbunghníomhartha comhfhreagracha:

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| 02 10 01 | Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (EASA) | 2 774 000 | 2 774 000 |
| 30 02 02 | Leithreasuithe difreáilte *(Cúlchiste le haghaidh airteagal buiséid 02 10 01)* | -2 774 000 | -2 774 000 |
| 02 10 02 | An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) | 1 191 000 | 1 191 000 |
| 30 02 02 | Leithreasuithe difreáilte *(Cúlchiste le haghaidh airteagal buiséid 02 10 02)* | -1 191 000 | -1 191 000 |
| 03 10 04 | An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA) | 1 007 000 | 1 007 000 |
| 30 02 02 | Leithreasuithe difreáilte *(Cúlchiste le haghaidh airteagal buiséid 03 10 04)* | -1 007 000 | -1 007 000 |
| **Iomlán** | | **0** | **0** |

10 COM(2021) 561
11 IO L 234, 22.9.2023, lgh. 48–100.
12 COM(2021) 725

## 6. ACMHAINNÍ CHISTE FORBRAÍOCHTA RÉIGIÚNAÍ NA hEORPA A AISTRIÚ CHUIG FÍS EORPACH DON LIOTUÁIN

Sna síla ar iarraidh a rinne an Liotuáin, i leasú ar a clár CFRE[13], acmhainní a aistriú de bhun Airteagal 26 de Rialachán na bhForálacha Coiteanna, is féidir acmhainní breise a chur chun feidhme faoin gclár Fís Eorpach i gcomhréir le rialacha na hionstraime, ar mhaithe leis an mBallstát lena mbaineann. Inscríobhtar na leithreasuithe ar línte buiséid ar leithligh.

Ar an mbonn sin, molann an Coimisiún na hathruithe seo a leanas ar na línte buiséid lena mbaineann in DB 2024:

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 05 02 01 | CFRE – Caiteachas oibríochtúil | -10 543 750 | 0 |
| 05 02 09 | Fís Eorpach – Ranníocaíocht ó CFRE | 10 543 750 | 0 |
| **Iomlán** | | **0** | **0** |

## 7. COIGEARTUITHE AR CHEANNTEIDEAL 7 'RIARACHÁN POIBLÍ EORPACH'

### 7.1 COIGEARTUITHE AR CHAITEACHAS NA SEIRBHÍSE EORPAÍ GNÍOMHAÍOCHTA SEACHTRAÍ (SEGS) CHUN LÍON NA SAINEOLAITHE NÁISIÚNTA MÍLEATA A MHÉADÚ

Sa Ráiteas Meastacháin dá chuid le haghaidh 2024, chuir SEGS in iúl, maidir le cuid de na pléití leanúnacha, nach raibh siad tagtha in aibíocht a dhóthain go fóill chun údar a thabhairt leis na hacmhainní comhfhreagracha a chur san áireamh i nDréachtbhuiséad 2024, ach go bhféadfadh na pléití sin a bheith mar chuid de Litir Leasaitheach tráth níos déanaí.

I measc na ngníomhaíochtaí sin, tá dul chun cinn leormhaith déanta maidir leis an Treochlár um Chumas Míleata Pleanála agus Seolta (MPCC) le go bhféadfar é a chur san áireamh sa Litir Leasaitheach. Mhaígh na Ballstáit sa Chompás Straitéiseach 'go n-áiritheoidís go mbeadh an Cumas Míleata Pleanála agus Seolta go hiomlán in ann cúraimí agus oibríochtaí neamhfheidhmiúcháin agus feidhmiúcháin, mar aon le cleachtaí beo, a phleanáil, a rialú agus a stiúradh. Sa chomhthéacs seo, cuirfimid dlús le ranníocaíochtaí pearsanra agus áiritheoimid go mbeidh na córais chumarsáide agus faisnéise is gá againn, chomh maith leis na saoráidí riachtanacha'.

I bhfianaise na huaillmhéine a comhaontaíodh sa Chompás Straitéiseach d'fhorbairt an Chumais Mhíleata Pleanála agus Seolta amach anseo mar struchtúr ceannais agus rialaithe tosaíochta, dhéanfaí an treisiú is gá ar a chuid acmhainní tríd an méid seo a leanas:

- maoiniú 55 shaineolaí náisiúnta míleata ar chostas roinnte, líon as a gcuirfear 20 in ionad saineolaithe náisiúnta míleata saor ó chostas atá san áireamh in DAB 4/2023, rud a mhéadóidh foireann an Chumais Mhíleata Pleanála agus Seolta go 115 san iomlán. Chuige sin, beidh gá le méadú leithreasuithe de EUR 3 394 400.
- páirtmhaoiniú na ngníomhaíochtaí is gá chun na costais a chumhdach a bhaineann le SEGS amháin a bheith ina Sholáthraí Seirbhíse maidir leis an gCóras Cumarsáide agus Faisnéise (CIS) don Chumas Míleata Pleanála agus Seolta (is í an tSaoráid Eorpach Síochána a sheasfaidh an chuid eile den mhaoiniú). I gcomhthéacs thacaíocht mhíleata an Aontais don Úcráin, tá athrú as cuimse tagtha ar an timpeallacht slándála, agus dá bhrí sin tá gá anois leis na bearnaí maidir leis an gCóras Cumarsáide agus Faisnéise atá ann cheana a dhruidim. Chuige sin, beidh gá le méadú leithreasuithe de EUR 4 126 000 lena gcumhdófar go háirithe maoiniú Sheirbhís CIS agus maoiniú ceathrar saineolaithe gaolmhara.

[13] COM(2023) 3269

- ceathrar gníomhairí ar conradh a mhaoiniú le haghaidh Sheirbhísí Tacaíochta CIS. Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, na leithreasuithe a mhéadú faoi EUR 414 700.

Na heilimintí uile thuas, comhfhreagraíonn siad do mhéadú i Roinn X SEGS faoi EUR 7 935 100 san iomlán.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn X – An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS)* | | | |
| 1 2 0 0 | Foireann ar conradh | 414 700 | 414 700 |
| 1 2 0 5 | Saineolaithe náisiúnta míleata ar iasacht | 3 394 400 | 3 394 400 |
| 2 1 0 0 | Teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide | 2 271 000 | 2 271 000 |
| 2 1 0 1 | Cripteagrafaíocht agus faisnéis thar a bheith rúnaicmithe agus teicneolaíocht cumarsáide | 1 855 000 | 1 855 000 |
| **Iomlán** | | **7 935 100** | **7 935 100** |

### 7.2 COIGEARTUITHE AR CHAITEACHAS CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA HEORPA (CIE)

Tar éis earráid chléireachais, bhí méid EUR 330 000 nár chuir Cúirt Iniúchóirí na hEorpa san áireamh ina hiarratas buiséid le haghaidh 2024, méid a bhaineann leis na táillí bliantúla arna n-aisíoc ag an gCoimisiún as úsáid an iarratais ar íocaíocht (NAP) agus Sysper. Tá sé beartaithe, dá bhrí sin, an líne bhuiséadach ghaolmhar a mhéadú dá réir.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn V – Cúirt Iniúchóirí na hEorpa* | | | |
| 2 1 0 2 | Seirbhísí seachtracha i leith oibriú, cur chun feidhme agus cothabháil bogearraí agus córas | 330 000 | 330 000 |
| **Iomlán** | | **330 000** | **330 000** |

### 7.3 COIGEARTUITHE AR CHAITEACHAS PHARLAIMINT NA HEORPA

I gcomhthéacs comhaid dífhostaíochta i dtaca le hiarchúntóirí parlaiminteacha a láimhseáil, tá sonraisc á gcur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa ag Oifig an Phámháistir (PMO) faoi láthair chun an t-ualach oibre gaolmhar a chumhdach. I bhfianaise chineál leanúnach na seirbhíse sin, agus ós rud é go mbaineann buaicphointí léi, go háirithe i ndiaidh na dtoghchán Eorpach, comhaontaíodh idir PMO agus Parlaimint na hEorpa gur cheart cuid den bhuiséad bliantúil iomlán a leithdháileadh go díreach ar PMO seachas ar Pharlaimint na hEorpa, rud a chuirfeadh ar a chumas do PMO na gníomhairí ar conradh a earcú a bhfuil gá leo chun na comhaid sin a bhainistiú ar bhonn buan. An costas atá fágtha, a bheidh ag brath ar mhéid bliantúil iarbhír na gcomhad a bheidh le bainistiú, leanfar den chostas sin a chur i sonraisc chuig Parlaimint na hEorpa.

Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an t-aistriú sin, atá neodrach ó thaobh buiséid de, a chur san áireamh, rud a fhágfaidh go mbeidh laghdú faoi EUR 300 000 ar iarratas buiséid Pharlaimint na hEorpa le haghaidh 2024 agus méadú coibhéiseach ar bhuiséad PMO.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn I – Parlaimint na hEorpa* | | | |
| 1 4 0 0 | Foireann eile – Ardrúnaíocht agus grúpaí polaitiúla | -300 000 | -300 000 |
| *Roinn III – An Coimisiún Eorpach* | | | |
| O3 01 02 | Pearsanra seachtrach | 300 000 | 300 000 |
| **Iomlán** | | **0** | **0** |

### 7.4 COIGEARTUITHE AR CHAITEACHAS AN CHOIMISIÚIN EORPAIGH

Molann an Coimisiún laghdú EUR 3,7 milliún den chaiteachas ar thuarastail sa Choimisiún a chur san áireamh in AL1/2024 chun tionchar íosghrádú 78 bpost AST chuig AST-SC a chur san áireamh, rud a léiríonn an cinneadh a rinne an Coimisiún[14] le déanaí i ndáil le plean bunaíochta 2023 i gcomhréir le hAirteagal 53 den Rialachán Airgeadais.

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 20 01 02 01 | Luach saothair agus liúntais — Ceanncheathrú agus Oifigí Ionadaíochta | -3 677 000 | -3 677 000 |
| **Iomlán** | | **-3 677 000** | **-3 677 000** |

Ar an iomlán, is é an éifeacht chomhcheangailte ar an gcaiteachas a mheastar i nDréachtbhuiséad 2024 le haghaidh cheannteideal 7, méadú EUR 4,6 milliún ar chaiteachas riaracháin, ach ní bheidh aon athrú ar an gcaiteachas ar phinsin agus ar na Scoileanna Eorpacha.

Seo a leanas an tionchar foriomlán ar chaiteachas:

*Méideanna i milliúin EUR*

| | Dréachtbhuiséad 2024 | Litir leasaitheach 1 a ghabhann le DB 2024 | DB 2024 le AL1 |
|---|---|---|---|
| **Pinsin agus Scoileanna Eorpacha** | 2 812,6 | | 2 812,6 |
| Pinsin | 2 565,5 | | 2 565,5 |
| Scoileanna Eorpacha | 247,2 | | 247,2 |
| **Caiteachas riaracháin na n-institiúidí** | 9 137 | 7,3 | 9 144,3 |
| An Coimisiún | 4 221,4 | -3,4 | 4 218,1 |
| Institiúidí eile | 4 915,6 | 10,7 | 4 926,2 |
| Parlaimint na hEorpa | 2 354,9 | -0,3 | 2 354,6 |
| An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle | 676,8 | | 676,8 |
| Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh | 502,4 | | 502,4 |
| An Chúirt Iniúchóirí | 184,8 | 0,3 | 185,1 |
| Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa | 164,9 | | 164,9 |
| Coiste na Réigiún | 121,9 | | 121,9 |
| An tOmbudsman Eorpach | 13,7 | | 13,7 |
| An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí | 23,9 | | 23,9 |
| An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí | 872,2 | 7,9 | 880,1 |
| **Iomlán** | **11 949,6** | **4,6** | **11 954,2** |

Dá bhrí sin, ní mór úsáid na hIonstraime Corrlaigh Aonair faoi cheannteideal 7 a mhéadú faoi EUR 4,6 milliún i gcomparáid le DB 2024, rud a fhágann go mbainfear úsáid dar méid EUR 181,2 milliún as an Ionstraim Corrlaigh Aonair, Airteagal 11(1)(a), in 2024 chun na hoibleagáidí dlíthiúla uile a chomhlíonadh. Mar sin féin, beidh an caiteachas iomlán maidir le riarachán faoi cheannteideal 7 sa tréimhse 2021–2024 fós laistigh de na huasteorainneacha a leagtar síos don cheannteideal seo i Rialachán CAI, ós rud é go raibh corrlaigh dar luach EUR 467 milliún ann gan úsáid i gceannteideal 7 in 2021–2022.

## 8. AISTRIÚ ÓN LÍNE CHÚLCHISTE CHUIG NA LÍNTE OIBRÍOCHTÚLA

Toisc gur ghlac na comhreachtóirí na gníomhartha dlíthiúla comhfhreagracha, molann an Coimisiún, maidir leis na méideanna atá curtha i gcúlchistí faoi láthair le haghaidh an Ghnímh chun Tacú le

14 C (2023) 5001 final, 11.7.2023.

Táirgeadh Armlóin (ASAP)[15] agus an Ghnímh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar comhoibríoch (EDIRPA)[16], go n-aistreofaí iad chuig línte oibríochtúla na gclár lena mbaineann, mar seo a leanas:

*EUR*

| Líne bhuiséid | Ainm | Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas | Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí |
|---|---|---|---|
| *Roinn III – An Coimisiún* | | | |
| 13 06 01 | Ionstraim Chosanta Ghearrthéarmach um sholáthar comhchoiteann | 259 972 301 | 100 000 000 |
| 13 07 01 | An Ionstraim um an Tionscal Cosanta a Atreisiú | 343 000 000 | 78 500 000 |
| 30 02 02 | Leithreasuithe difreáilte (*Cúlchiste le haghaidh airteagal buiséid 13 06 01*) | -259 972 301 | -100 000 000 |
| 30 02 02 | Leithreasuithe difreáilte (*Cúlchiste le haghaidh airteagal buiséid 13 07 01*) | -343 000 000 | -78 500 000 |
| **Iomlán** | | **0** | **0** |

## 9. MAOINIÚ

Ar an iomlán, is é an glantionchar atá ag AL 1/2024 ar chaiteachas in DB 2024 laghdú EUR 67,4 milliún ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Mar thoradh ar chomhthionchar an laghdaithe ar chostais chistiúcháin ar líne úis EURI agus an mhéadaithe ar chaiteachas le haghaidh cheannteideal 7, tháinig laghdú EUR 67,4 milliún ar na méideanna a bheartaítear a shlógadh ón Ionstraim Corrlaigh Aonair.

15 Rialachán (AE) 2023/1525 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Iúil 2023 maidir le tacú le táirgeadh armlóin (ASAP), IO L 185, 24.7.2023, lgh. 7–25.

16 Rialachán (AE) 2023/xxx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an xx Meán Fómhair 2023 maidir leis an nGníomh um Thionscal Cosanta na hEorpa a Atreisiú trí Sholáthar comhoibríoch, IO L xxx, xx.10.2023, xxx.

## 10. TÁBLA ACHOIMRE DE RÉIR CHEANNTEIDEAL CAI

| | | Dréachtbhuiséad 2024 | | Litir Leasaitheach 1 a ghabhann le Dréachtbhuiséad 2024 | | Dréachtbhuiséad 2024 agus AL1 san áireamh | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | CA | PA | CA | PA | CA | PA |
| **1.** | **An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha** | **21 431 352 987** | **20 916 212 003** | | | **21 431 352 987** | **20 916 212 003** |
| | **lena n-áirítear, faoi Ionstraimí Solúbthachta** | | | | | | |
| | **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (a))** | | | | | | |
| | **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (c))** | | | | | | |
| | ***Uasteorainn*** | *21 598 000 000* | | | | *21 598 000 000* | |
| | ***Corrlach*** | *166 647 013* | | | | *166 647 013* | |
| **2.** | **Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna** | **74 979 363 449** | **34 186 039 329** | **-72 000 000** | **-72 000 000** | **74 907 363 449** | **34 114 039 329** |
| | **lena n-áirítear, faoi Ionstraimí Solúbthachta** | *1 335 350 949* | | | | *1 335 350 949* | |
| | **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (a))** | *372 816 884* | | *-72 000 000* | | *300 816 884* | |
| | **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (c))** | | | | | | |
| | ***Uasteorainn*** | *73 289 000 000* | | | | *73 289 000 000* | |
| | ***Corrlach*** | *17 804 384* | | | | *17 804 384* | |
| 2a. | Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach | 64 665 195 616 | 24 155 654 152 | | | 64 665 195 616 | 24 155 654 152 |
| | **lena n-áirítear, faoi Ionstraimí Solúbthachta** | | | | | | |
| | **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (a))** | | | | | | |
| | **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (c))** | | | | | | |
| | ***Uasteorainn*** | *64 683 000 000* | | | | *64 683 000 000* | |
| | ***Corrlach*** | *17 804 384* | | | | *17 804 384* | |
| 2b. | Athléimneacht agus luachanna | 10 314 167 833 | 10 030 385 177 | -72 000 000 | -72 000 000 | 10 242 167 833 | 9 958 385 177 |
| | **lena n-áirítear, faoi Ionstraimí Solúbthachta** | *1 335 350 949* | | | | *1 335 350 949* | |
| | **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (a))** | *372 816 884* | | *-72 000 000* | | *300 816 884* | |
| | **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (c))** | | | | | | |
| | ***Uasteorainn*** | *8 606 000 000* | | | | *8 606 000 000* | |
| | ***Corrlach*** | | | | | | |
| **3.** | **Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol** | **57 388 890 839** | **54 232 567 941** | | | **57 388 890 839** | **54 232 567 941** |
| | **lena n-áirítear, faoi Ionstraimí Solúbthachta** | | | | | | |
| | **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (a))** | | | | | | |
| | **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (c))** | | | | | | |
| | ***Uasteorainn*** | *57 449 000 000* | | | | *57 449 000 000* | |
| | ***Corrlach*** | *60 109 161* | | | | *60 109 161* | |
| | **Lena n-áirítear: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha** | **40 602 078 000** | **40 590 282 213** | | | **40 602 078 000** | **40 590 282 213** |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| *Fo-uasteorainn CERT* | *40 603 000 000* | | | | *40 603 000 000* | |
| *Difríocht slánaithe fágtha as an áireamh chun an fochorrlach a ríomh* | *922 000* | | | | *922 000* | |
| *Glanaistrithe idir CERT agus CETFT* | | | | | | |
| *An t-iarmhéid glan atá ar fáil le haghaidh chaiteachas CERT* | *40 602 078 000* | | | | *40 602 078 000* | |
| *Fo-uasteorainn choigeartaithe CERT arna ceartú le haistrithe idir CERT agus CETFT* | *40 603 000 000* | | | | *40 603 000 000* | |
| *Fochorrlach CERT* | *922 000* | | | | *922 000* | |
| *Fochorrlach CERT (lena bhfágtar an difríocht slánaithe as an áireamh)* | | | | | | |
| **4. Imirce agus Bainistiú Teorainneacha** | **3 896 705 671** | **3 257 967 443** | | | **3 896 705 671** | **3 257 967 443** |
| ***Uasteorainn*** | *4 020 000 000* | | | | *4 020 000 000* | |
| **lena n-áirítear, faoi Ionstraimí Solúbthachta** | | | | | | |
| **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (a))** | | | | | | |
| **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (c))** | | | | | | |
| ***Corrlach*** | *123 294 329* | | | | *123 294 329* | |
| **5. Slándáil agus Cosaint** | **2 304 177 926** | **2 028 413 531** | | | **2 304 177 926** | **2 028 413 531** |
| ***Uasteorainn*** | *2 004 000 000* | | | | *2 004 000 000* | |
| **lena n-áirítear, faoi Ionstraimí Solúbthachta** | *300 177 926* | | | | *300 177 926* | |
| **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (a))** | | | | | | |
| **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (c))** | | | | | | |
| ***Corrlach*** | | | | | | |
| **6. An Chomharsanacht agus an Domhan** | **15 830 000 000** | **15 111 157 313** | | | **15 830 000 000** | **15 111 157 313** |
| **lena n-áirítear, faoi Ionstraimí Solúbthachta** | | | | | | |
| ***Uasteorainn*** | *15 830 000 000* | | | | *15 830 000 000* | |
| **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (a))** | | | | | | |
| **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (c))** | | | | | | |
| ***Corrlach*** | | | | | | |
| **7. Riarachán Poiblí Eorpach** | **11 949 625 456** | **11 949 625 456** | **4 588 100** | **4 588 100** | **11 954 213 556** | **11 954 213 556** |
| ***Uasteorainn*** | *11 773 000 000* | | | | *11 773 000 000* | |
| **lena n-áirítear, faoi Ionstraimí Solúbthachta** | | | | | | |
| **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (a))** | *176 625 456* | | *4 588 100* | | *181 213 556* | |
| **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (c))** | | | | | | |
| ***Corrlach*** | | | | | | |
| **lena n-áirítear: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí** | **9 137 000 694** | **9 137 000 694** | **4 588 100** | **4 588 100** | **9 141 588 794** | **9 141 588 794** |
| ***Fo-uasteorainn*** | *9 006 000 000* | | | | *9 006 000 000* | |
| **lena n-áirítear, faoi Ionstraimí Solúbthachta** | | | | | | |
| **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (a))** | *131 000 694* | | *4 588 100* | | *135 588 794* | |
| **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1)** | | | | | | |

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **pointe (c))** | | | | | | |
| ***Corrlach*** | | | | | | |
| Pinsin agus Scoileanna Eorpacha | 2 812 624 762 | 2 812 624 762 | | | 2 812 624 762 | 2 812 624 762 |
| *Pinsin* | *2 565 464 000* | *2 565 464 000* | | | *2 565 464 000* | *2 565 464 000* |
| *Scoileanna Eorpacha* | *247 160 762* | *247 160 762* | | | *247 160 762* | *247 160 762* |
| Caiteachas riaracháin na n-institiúidí | 9 137 000 694 | 9 137 000 694 | 4 588 100 | 4 588 100 | 9 141 588 794 | 9 141 588 794 |
| *Parlaimint na hEorpa* | *2 354 855 881* | *2 354 855 881* | *-300 000* | *-300 000* | *2 354 555 881* | *2 354 555 881* |
| *An Chomhairle Eorpach agus an Chomhairle* | *676 842 943* | *676 842 943* | | | *676 842 943* | *676 842 943* |
| *An Coimisiún* | *4 221 445 825* | *4 221 445 825* | *-3 377 000* | *-3 377 000* | *4 218 068 825* | *4 218 068 825* |
| *Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh* | *502 443 711* | *502 443 711* | | | *502 443 711* | *502 443 711* |
| *Cúirt Iniúchóirí na hEorpa* | *184 803 430* | *184 803 430* | *330 000* | *330 000* | *185 133 430* | *185 133 430* |
| *Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa* | *164 945 524* | *164 945 524* | | | *164 945 524* | *164 945 524* |
| *Coiste Eorpach na Réigiún* | *121 878 345* | *121 878 345* | | | *121 878 345* | *121 878 345* |
| *An tOmbudsman Eorpach* | *13 667 466* | *13 667 466* | | | *13 667 466* | *13 667 466* |
| *An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí* | *23 921 966* | *23 921 966* | | | *23 921 966* | *23 921 966* |
| *An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí* | *872 195 603* | *872 195 603* | *7 935 100* | *7 935 100* | *880 130 703* | *880 130 703* |
| **Leithreasuithe le haghaidh ceannteideal** | **187 780 116 328** | **141 681 983 016** | **-67 411 900** | **-67 411 900** | **187 712 704 428** | **141 614 571 116** |
| ***Uasteorainn*** | ***185 963 000 000*** | ***170 543 000 000*** | | | ***185 963 000 000*** | ***170 543 000 000*** |
| ***Lena n-áirítear, faoin Ionstraim Sholúbthachta*** | ***1 635 528 875*** | ***1 747 272 316*** | | | ***1 635 528 875*** | ***1 747 272 316*** |
| **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (a))** | ***549 442 340*** | | ***-67 411 900*** | | ***482 030 440*** | |
| **lena n-áirítear, faoin Ionstraim Corrlaigh Aonair (Airteagal 11(1) pointe (c))** | | | | | | |
| ***Corrlach*** | ***367 854 887*** | ***30 608 289 300*** | | ***67 411 900*** | ***367 854 887*** | ***30 675 701 200*** |
| **Leithreasuithe mar % de OIN** | **1,06 %** | **0,80 %** | **0,00 %** | **0,00 %** | **1,06 %** | **0,80 %** |
| **Ionstraimí speisialta téamacha** | **1 560 861 211** | **1 371 395 001** | | | **1 560 861 211** | **1 371 395 001** |
| *An Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála (SEAR)* | *1 351 395 001* | *1 351 395 001* | | | *1 351 395 001* | *1 351 395 001* |
| *An Ciste Eorpach um Choigeartú don Domhandú (CED)* | *209 466 210* | *20 000 000* | | | *209 466 210* | *20 000 000* |
| *Cúlchiste Coigeartaithe Brexit (BAR)* | *p.m.* | *p.m.* | | | *p.m.* | *p.m.* |
| **Iomlán na leithreasuithe** | **189 340 977 539** | **143 053 378 017** | **-67 411 900** | **-67 411 900** | **189 273 565 639** | **142 985 966 117** |